



Preasráiteas

Lucsamburg, 15 Meitheamh 2022

Bearna nuálaíochta an Aontais a dhúnadh ní mór do Bhallstáit páirt níos mó a ghlacadh

Chun an bearna leanúnach sa taighde agus nuálaíocht (T&N) san Aontas a dhúnadh agus chun barr feabhais a scaoileadh i dtíortha atá tite ar gcúl, tá bearta speisialta á gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach (ar a dtugtar bearta ‘um fhairsingiú’) chun rochtain níos fearr a thabhairt do na tíortha sin ar phríomhchistiú AE. I dtuarascáil a foilsíodh inniu, áfach, measann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa go bhfuil fíorathrú ag brath den chuid is mó ar na rialtais náisiúnta, a chaithfidh tosaíocht a thabhairt do T&N chun borradh a chur faoin infheistíocht agus faoi athchóirithe. Ní dhéanfaidh na bearta um fhairsingiú ach tús a chur le dul chun cinn na dtíortha sin, ach níl dóthain cumhachta acu féin chun na hathruithe is gá a chruthú in éiceachórais náisiúnta T&N.

Tá rannpháirtíocht i gcláir thaighde agus nuálaíochta ilbhliantúla an Aontais bunaithe ar shármhaitheas, rud a chiallaíonn nach roghnaítear ach na tograí is fearr. Mar thoradh air sin, bíonn deacrachtaí ag taighdeoirí agus nuálaithe ó thíortha ísealfheidhmíochta – a bhfuil éiceachórais T&N nach bhfuil chomh forbartha sin – in iomaíocht lena bpiaraí ó thíortha atá ag feidhmiú níos fearr agus ní éiríonn leo chomh minic sin in áiteanna buaiteacha ar na cláir, rud a chuireann srian ar chumas a dtíortha a n-easnamh T&N a shárú. Thug an tAontas aghaidh ar an bhfáinne fí sin trí bhearta a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht i gclár cistiúcháin Fís 2020 a leathnú don tréimhse 2014-2020. Dhírigh na bearta sin ar na 13 thír a tháinig isteach san Aontas ó 2004, agus ar Lucsamburg agus ar an bPortaingéil.

“Chun leas a bhaint as acmhainneacht an Aontais agus chun an bhearna idir ceannairí nuálaíochta agus nuálaithe beaga a dhúnadh, ba cheart go mbeadh taighdeoirí ó gach cearn den Aontas in ann tairbhe a bhaint as a chlár chistiúcháin”, a dúirt Ivana Maletić, an comhalta de CIE atá i gceannas ar an tuarascáil. “Cabhraíonn an Coimisiún leis na tíortha a bhfuil tearcfheidhmíocht orthu teacht slán, ach ní réiteach draíochta atá sa tacaíocht a thugann sé agus ní féidir leis gníomhú mar chatalaíoch. Chun an fáinne fí a bhriseadh, ní mór do na Ballstáit a gcion iomlán a dhéanamh.”

Tháinig na hiniúcháirí ar an gconclúid go raibh bearta méadaithe oiriúnach don fheidhm sa mhéid is gur thug siad aghaidh ar na cúiseanna a bhfuil feidhmíocht íseal T&N agus rannpháirtíocht theoranta i gcláir éagsúla an Aontais ann i dtíortha áirithe de chuid an Aontais. Mar sin féin, cháin na hiniúcháirí an fhírisc gur i líon beag tíortha amháin a bhí na tionscadail ag leathnú. Tá an baol ann go mairfidh an fáinne fí, mar gur lú i bhfad an tairbhe a bhain roinnt tíortha spriocdhírthe as bearta um fhairsingiú arís. Iarrann na hiniúcháirí ar an gCoimisiún gan formhór na dtionscadal a thabhairt

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

amach do líon beag tíortha, agus céimeanna a ghlacadh chun rannpháirtíocht níos leithne a bhaint amach má thagann míchothromaíochtaí loma leanúnacha chun cinn.

Tá leibhéal infheistíochta agus athchóirithe náisiúnta T&N mar thoisic ríthábhachtach chun feidhmíocht tíre a chinneadh, áfach. In 2020, bhí an mheáninfheistíocht in T&N san Aontas ag 2.3 % den OTI – faoi bhun na sprice 3 %. As na 15 tír a thagann faoin bhfairsingiú, ní infheistigh ach an tSlóivéin agus an tSeicia os cionn 2 %. Thairis sin, níor bhain gach tír úsáid as an tSaoráid Tacaíochta Beartais (PSF), atá ar cheann de shraith ionstraimí beartais a chuir an Coimisiún ar fáil chun cabhrú leo athchóirithe náisiúnta a chothú. Bhí saoirse ag tíortha a chinneadh ar cheart moltaí an Choimisiúin a thabhairt ar aghaidh i gcomhthéacs PSF agus conas iad a thabhairt ar aghaidh, rud a chiallaíonn gur beag an chumhacht atá acu athruithe a spreagadh. Mar sin féin, bhain an Coimisiún úsáid as an eolas a fuarthas ó ghníomhaíochtaí PSF le haghaidh a mheasúnuithe tíre T&N mar chuid den chomhordú bliantúil ar bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha (ar a dtugtar an ‘Seimeastar Eorpach’).

Tá formhór na dtionscadal um fhairsingiú ar siúl faoi láthair, mar sin ní thiocfaidh a dtionchar iomlán chun cinn ach sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, fuair na hiniúcháirí amach go raibh torthaí maithe tosaigh á léiriú ag na tionscadail, mar shampla maidir le líon na bhfoilseachán eolaíochta, líonrú agus rochtain ar mhaoiniú breise deontais. Mar sin féin, bhí deacrachtaí ag na tionscadail freisin agus iad ag iarraidh an maoiniú comhlántach is gá a fháil in am trátha, taighdeoirí idirnáisiúnta a earcú agus, níos tábhachtaí fós, a n-ioncam féin a ghiniúint chun iad féin a chothú. Rinne na hiniúcháirí anailís ar dhá bheart atá dírithe ar éifeachtaí fadtéarmacha a chruthú do thairbhíthe: Foireann (tacaíocht d’ionaid barr feabhais) agus Ollúnachtaí LET (a thugann acadóirí den scoth d’institiúidí taighde). Fuair siad amach nach raibh ach cumhacht theoranta ag tairbhíthe na mbeart sin chun a gcuid torthaí taighde a shaothrú

Faisnéis chúlra

Ó 1984 i leith, tá tacaíocht curtha ar fáil ag an Aontas do T&N trí chreachláir leanúnachaamhail Fís 2020 (lena gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020 le buiséad €76.4 billiún) agus Fís Eorpach (2021-2027, €95.5 billiún). I measc na gcúiseanna atá le feidhmíocht íseal tíortha áirithe agus rannpháirtíocht theoranta in Fís 2020 tá éiceachórais neamhleor T&N (e.g. rialachas ilroinnte, infheistíochtaí teoranta), easnaimh i gcaipiteal daonna (imirce daoine oilte) agus idirnáisiúnú teoranta institiúidí T&N. Ba é an cuspóir a bhí leis na bearta um fhairsingiú ná cumas institiúidí taighde i dtíortha a bhfuil feidhmíocht íseal acu trí chabhair a thabhairt dóibh chun líonraí a chur chun cinn, comhpháirtiú le príomhinstitiúidí, agus lucht saothair ardoilte a mhealladh. Ba é an buiséad do na bearta sin do 2014-2020 ná €935 milliún faoi Fhís 2020 agus €2.95 billiún don tréimhse 2021-2027 faoin gclár Fís Eorpach. Choinnigh na Ballstáit uile atá aicmithe mar thíortha um fhairsingiú faoin gclár Fís 2020 an stádas sin faoin gclár Fís Eorpach, cé is moite de Lucsamburg, a bhfuil an Ghréig tagtha ina ionad.

Tá an Tuarascáil speisialta 15/2022 “Bhí bearta chun rannpháirtíocht i bhFís 2020 a fhairsingiú deartha go maith ach beidh athrú inbhuanaithe ag brath, den chuid is mó, ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta” ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí (eca.europa.eu). Níos déanaí i mbliana, foilseoidh CIE tuarascáil speisialta ar shineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – T: (+352) 621 552 224
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – T: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – T: (+352) 691 553 547